**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 31 Lúnasa 2023**
**(OR. en)**

**2021/0393 (COD)**

**PE-CONS 74/22**

**COPEN 462**
**EUROJUST 116**
**CT 234**
**ENFOPOL 659**
**COTER 308**
**JAI 1734**
**CODEC 2085**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta |

**RIALACHÁN (AE) 2023/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 85 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

---

[1] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Iúil 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an ….

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] bunaíodh Eurojust agus leagtar amach ann a chúraimí, a inniúlachtaí agus a fheidhmeanna.

(2) Luaitear i gCinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle[2] go bhfuil sé fíor-riachtanach go mbeadh an fhaisnéis is iomláine agus is cothroime le dáta is féidir ar fáil do na seirbhísí ábhartha chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Éilítear leis an gCinneadh sin go ndéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát faisnéis a sholáthar do Eurojust maidir le hionchúisimh agus le ciontuithe i gcionta sceimhlitheoireachta a dhéanann difear nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do dhá Bhallstát nó níos mó.

(3) Mar thoradh ar neamhréireachtaí i léirmhíniú Chinneadh 2005/671/CGB, i gcásanna áirithe, ní dhéantar an fhaisnéis a chomhroinnt ar bhealach tráthúil, ní dhéantar faisnéis a chomhroinnt ar chor ar bith, nó ní dhéantar an fhaisnéis ábhartha uile a chomhroinnt.. Caithfidh Eurojust faisnéis leordhóthanach a fháil chun naisc a shainaithint idir imscrúduithe trasteorann.

---

[1] Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138).

[2] Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le malartú faisnéise agus comhar i ndáil le cionta sceimhlitheoireachta (IO L 253, 29.9.2005, lch. 22).

(4) Is cúram tábhachtach atá ar Eurojust faoi Rialachán (AE) 2018/1727 cúnamh a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát an comhordú is fearr is féidir ar imscrúduithe agus ionchúisimh a áirithiú, lena n-áirítear na naisc idir imscrúduithe agus ionchúisimh den sórt sin a shainaithint. Leis an Rialachán sin, cuirtear ar chumas Eurojust cur chuige níos réamhghníomhaí a ghlacadh agus seirbhísí níos fearr a sholáthar do na Ballstáit, mar shampla trína mholadh go gcuirfí tús le himscrúduithe agus trí riachtanais chomhordúcháin a shainaithint, mar aon le cásanna lena bhféadfaí prionsabal *ne bis in idem* a shárú agus bearnaí ionchúisimh.

(5) I mí Mheán Fómhair 2019, bhunaigh Eurojust an Clár Breithiúnach Eorpach Frithsceimhlitheoireachta ar bhonn Chinneadh 2005/671/CGB agus é de chuspóir sonrach aige naisc a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith idir imeachtaí breithiúnacha i gcoinne daoine atá faoi dhrochamhras maidir le cionta sceimhlitheoireachta agus riachtanais chomhordúcháin fhéideartha a eascraíonn as naisc den sórt sin.

(6) Bunaíodh an Clár Breithiúnach Eorpach Frithsceimhlitheoireachta tar éis ghlacadh Rialachán (AE) 2018/1727, agus mar thoradh air sin, níl an Clár sin comhtháite go maith i mbonneagar teicniúil Eurojust ná ní thagraítear don Chlár sin i Rialachán (AE) 2018/1727. Dá bhrí sin, is gá an cás sin a leigheas.

(7) Chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac ar bhealach éifeachtúil, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí faisnéis chun cionta sceimhlitheoireacht a imscrúdú nó a ionchúiseamh a mhalartú ar bhealach éifeachtúil idir na húdaráis inniúla náisiúnta agus gníomhaireachtaí an Aontais. Tá sé fíor-riachtanach go mbeadh an fhaisnéis is iomláine agus is cothroime le dáta is féidir acu.

(8) Bíonn baint níos mó ag eagraíochtaí sceimhlitheoireachta le cineálacha eile coireanna tromchúiseacha agus is minic is cuid de líonraí eagraithe iad. Is coireanna tromchúiseacha amhail gáinneáil ar dhaoine, gáinneáil ar dhrugaí, coireacht airgeadais agus sciúradh airgid a bhíonn i gceist leis sin. Is gá imeachtaí breithiúnacha a chros-seiceáil i gcoinne coireanna tromchúiseacha den sórt sin.

(9) Chun a chur ar chumas Eurojust naisc a shainaithint idir imeachtaí breithiúnacha trasteorann i gcoinne daoine atá faoi dhrochamhras maidir le cionta sceimhlitheoireachta maille le naisc idir imeachtaí breithiúnacha i gcoinne daoine atá faoi dhrochamhras maidir le cionta sceimhlitheoireachta agus faisnéis a phróiseálann Eurojust a bhaineann le cásanna eile coireanna tromchúiseacha, tá sé fíorthábhachtach go bhfaigheadh Eurojust an fhaisnéis is gá ó na húdaráis inniúla náisiúnta a luaithe is féidir, i gcomhréir le forálacha ábhartha an Rialacháin seo, chun go mbeidh Eurojust in ann na naisc sin a shainaithint trí chros-seiceálacha.

(10) Chun sonraí a sholáthar do Eurojust, caithfidh na húdaráis inniúla náisiúnta eolas beacht a bheith acu faoin gcineál faisnéise is gá dóibh a tharchur, faoi cathain le linn na n-imeachtaí coiriúla náisiúnta is gá an fhaisnéis sin a tharchur agus faoi na cásanna inar gá sin a dhéanamh. Ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta faisnéis a tharchur chuig Eurojust ar bhealach struchtúrtha, eagraithe, córasach agus leath-uathoibrithe. Is éard is bealach leath-uathoibrithe ann bealach ina bhfuil an modh a úsáidtear chun faisnéis a tharchur uathoibrithe go páirteach agus faoi rialú an duine go páirteach. Meastar go gcuirfear, leis an modh tarchuir sin, méadú nach beag ar cháilíocht agus ábharthacht na faisnéise a fhaigheann Eurojust.

(11) Trí shonraí a chomhroinnt, a stóráil agus a chros-seiceáil, tiocfaidh méadú suntasach ar an méid sonraí a phróiseálann Eurojust. Ba cheart na gnéithe sin a chur san áireamh agus na hacmhainní airgeadais, daonna agus teicniúla a theastaíonn ó Eurojust á gcinneadh, laistigh de na nósanna imeachta agus na creataí atá ann cheana féin.

(12) Is í Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], mar a thrasuitear sa dlí náisiúnta, an pointe tagartha do na húdaráis inniúla náisiúnta chun cionta sceimhlitheoireachta a shainiú.

---

1 Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).

(13) Tá sé ríthábhachtach sonraí aitheantais iontaofa a mhalartú chun gur féidir le Eurojust naisc a shainaithint idir imscrúduithe sceimhlitheoireachta agus imeachtaí breithiúnacha i gcoinne daoine atá faoi dhrochamhras maidir le cionta sceimhlitheoireachta. Tá sé ríthábhachtach freisin do Eurojust tacar sonraí a chruthú agus a stóráil lena n-áirithítear gur féidir daoine aonair atá faoi réir imscrúduithe sceimhlitheoireachta nó imeachtaí breithiúnacha den sórt sin a shainaithint go hiontaofa. Dá bhrí sin, tá úsáid sonraí bithmhéadracha tábhachtach, agus na héiginnteachtaí maidir le sonraí alfa-uimhriúla, go háirithe i gcás náisiúnaigh tríú tír, á gcur san áireamh agus ó tharla go n-úsáideann daoine atá faoi dhrochamhras céannachtaí bréige nó dúbailte uaireanta, agus gur minic is sonraí bithmhéadracha an t-aon nasc le daoine atá faoi dhrochamhras sa chéim imscrúdaitheach. Dá bhrí sin, i gcás, faoin dlí náisiúnta maidir le himeachtaí coiriúla nó cearta nós imeachta in imeachtaí coiriúla, ina ndéanann na húdaráis inniúla náisiúnta sonraí bithmhéadracha a stóráil agus a bhailiú agus go gceadaítear dóibh iad a tharchur, ba cheart do na húdaráis sin a bheith in ann sonraí den sórt sin a mhalartú le Eurojust, nuair a bheidh siad ar fáil. Mar gheall ar nádúr íogair na sonraí bithmhéadracha agus an tionchar a bhíonn ag próiseáil sonraí bithmhéadracha ar an meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh agus ar chosaint sonraí pearsanta, mar a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ba cheart sonraí den sórt sin a tharchur ar bhealach a chomhlíonann go docht prionsabail an riachtanais, na comhréireachta agus an teorannaithe de réir cuspóra agus chun daoine aonair atá faoi réir imeachtaí coiriúla a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta a shainaithint agus chun na críche sin amháin.

(14) Toisc gur úsáidí ag céim luath den imscrúdú faisnéis maidir le naisc atá ann cheana féin le himeachtaí breithiúnacha eile, is gá do na húdaráis inniúla náisiúnta faisnéis a sholáthar do Eurojust a luaithe a tharchuirfear an cás chuig údarás breithiúnach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ba cheart a mheas gur tarchuireadh cás chuig údarás breithiúnach i gcás, mar shampla, ina gcuirtear an t-údarás breithiúnach ar an eolas faoi imscrúdú atá ar siúl, ina bhformheasann nó ina n-ordaíonn sé beart imscrúdaithe, nó ina gcinneann sé ionchúiseamh a dhéanamh, ag brath ar an dlí náisiúnta is infheidhme. Más rud é go bhfuil údarás inniúil náisiúnta ar an eolas cheana féin faoi naisc idir imeachtaí coiriúla ina Bhallstát agus imeachtaí coiriúla i mBallstát eile, ba cheart dó é sin a chur in iúl do Eurojust dá réir sin.

(15) Agus é á chur san áireamh gurb amhlaidh, sna traidisiúin agus sna córais dlí i roinnt Ballstát, nach ndéanann údarás breithiúnach maoirseacht ar imscrúduithe agus nach mbíonn sé rannpháirteach ach amháin sna céimeanna deireanacha sna himeachtaí, níor cheart, leis an Rialachán seo, cosc a chur ar údaráis inniúla náisiúnta faisnéis a sholáthar dá gcomhaltaí náisiúnta maidir le himscrúduithe sceimhlitheoireachta ag céim níos luaithe i gcomhréir lena ndlí náisiúnta.

(16) Chun cruinneas na sonraí sa Chlár Breithiúnach Eorpach Frithsceimhlitheoireachta a áirithiú, chun naisc a shainaithint nó chun céannacht duine atá faoi dhrochamhras a fhionnadh a luaithe is féidir in imscrúdú agus chun a áirithiú go gcloítear le teorainneacha ama, ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta an fhaisnéis a chuir siad ar fáil a thabhairt cothrom le dáta. Agus faisnéis den sórt sin á tabhairt cothrom le dáta, ba cheart a áireamh inti faisnéis nua a bhaineann leis an duine atá faoi imscrúdú, cinntí breithiúnacha amhail athchuir faoi choimeád, oscailt imeachtaí cúirte, éigiontuithe agus cinntí críochnaitheacha gan ionchúiseamh a dhéanamh, chomh maith le hiarrataí ar chomhar breithiúnach nó naisc atá sainaitheanta le dlínsí eile.

(17) Níor cheart é a bheith d'oibleagáid ar na húdaráis inniúla náisiúnta faisnéis faoi chionta sceimhlitheoireachta a chomhroinnt le Eurojust ag an gcéim is luaithe i gcás ina gcuirfeadh sé sin imscrúduithe atá ar siúl nó sábháilteacht duine aonair i mbaol nó ina mbeadh sé ag teacht salach ar leasanna bunúsacha shlándáil an Bhallstáit lena mbaineann. Is i gcúinsí eisceachtúla agus ar bhonn cás ar chás amháin ba cheart maoluithe den sórt sin a chur i bhfeidhm maidir leis an oibleagáid faisnéis a chomhroinnt. Agus iad ag breithniú ar cheart nó nár cheart maolú ar an oibleagáid sin, ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta a chur san áireamh mar is cuí go láimhseálann Eurojust an fhaisnéis a sholáthraíonn údaráis den sórt sin i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí agus go ndéanann sé rúndacht na n-imeachtaí breithiúnacha a chur san áireamh ag an am céanna.

(18) Chun críocha sonraí íogaire a mhalartú idir údaráis inniúla náisiúnta agus Eurojust agus chun sonraí den sórt sin a phróiseáil, ba cheart bealaí cumarsáide slána a úsáid, amhail córas TF díláraithe nó an nasc teileachumarsáide slán dá dtagraítear i gCinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle[1], chun sonraí den sórt sin a chosaint ar nochtadh neamhúdaraithe agus ar chibirionsaithe. Ba cheart úsáid den sórt sin a bheith gan dochar d'fhorbairtí teicneolaíochta a dhéanfar amach anseo.

(19) Chun sonraí a mhalartú ar bhealach slán agus sláine na cumarsáide agus an mhalartaithe sonraí a chosaint, ba cheart don chóras bainistithe cásanna a bheith nasctha le bealaí cumarsáide slána agus ardchaighdeáin chibearshlándála a chomhlíonadh. Féadfar bealaí cumarsáide slána den sórt sin a úsáid freisin chun an córas bainistithe cásanna a nascadh le córais faisnéise eile de chuid an Aontais a mhéid a fhoráiltear leis na gníomhartha dlí lena mbunaítear na córais sin go mbeidh rochtain ag Eurojust.

---

1 Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach (OI L 348, 24.12.2008, lch. 130).

(20) Leis an gcóras TF díláraithe, ba cheart malartuithe sonraí ar bhealach slán a chumasú idir na húdaráis inniúla náisiúnta agus Eurojust, gan aon cheann d'institiúidí, de chomhlacht, d'oifig nó de ghníomhaireacht an Aontais a bheith rannpháirteach i substaint malartuithe den sórt sin. Ba cheart don chóras TF díláraithe a bheith comhdhéanta de chórais TF chúil na mBallstát agus Eurojust atá idirnasctha trí phointí rochtana idir-inoibritheacha. Ba cheart do phointí rochtana an chórais TF díláraithe a bheith bunaithe ar e-CODEX.

(21) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le córas TF díláraithe a bhunú agus a úsáid le haghaidh cásanna a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(22) Fágann tarchur sonraí neamhstruchtúrtha gur gá idirghabháil de láimh, cruthaítear leis ualach riaracháin breise, agus laghdaítear leis cáilíocht thorthaí na cros-seiceála. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta sonraí a tharchur ar bhealach struchtúrtha agus na híoscheanglais idir-inoibritheachta á gcomhlíonadh mar a shainítear iad sa Chreat Eorpach Idir-inoibritheachta dá dtagraítear i dTeachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Márta 2017 dar teideal 'Straitéis Cur chun Feidhme an Chreata Eorpaigh Idir-inoibritheachta'. De bhreis air sin, ba cheart tarchur na sonraí a uathoibriú a mhéid is féidir chun an t-ualach riaracháin ar na húdaráis inniúla náisiúnta a laghdú agus chun a áirithiú go soláthraítear na sonraí is gá go tráthrialta agus go tapa.

(23) Tá gá le córas bainistithe cásanna nuachóirithe chun go bhféadfaidh Eurojust sonraí pearsanta íogaire a phróiseáil ar bhealach slán. Is gá don chóras nua feidhmiúlachtaí an Chláir Bhreithiúnaigh Eorpaigh Frithsceimhlitheoireachta a chomhtháthú agus a chumasú agus feabhas a chur ar chumas Eurojust naisc a shainaithint agus lántairbhe á baint, mar riail ghinearálta, as sásraí náisiúnta agus sásraí an Aontais atá ann cheana féin chun comparáid a dhéanamh idir sonraí bithmhéadracha.

(24) Tá sé tábhachtach rialú agus freagracht na gcomhaltaí náisiúnta a choinneáil ar bun maidir leis na sonraí a fhaigheann siad ó na húdaráis inniúla náisiúnta. Níor cheart aon sonraí pearsanta oibríochtúla a chomhroinnt le Ballstát eile mar réamhshocrú. Níor cheart sonraí pearsanta oibríochtúla a chomhroinnt ach a mhéid a údaraíonn údaráis inniúla náisiúnta malartú na sonraí. Chun an obair leantach ar naisc fhéideartha a dhigiteáil agus dlús a chur léi agus rialú iomlán ar na sonraí á áirithiú, ba cheart cóid láimhseála a thabhairt isteach.

(25) Tá an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach agus eagraithe sa lá atá inniu ann an-dinimiciúil agus is feiniméin dhomhandaithe iad a mbíonn tionchar acu go minic ar dhá Bhallstát nó níos mó. Cé go raibh gné láidir thrasnáisiúnta ag baint leis an sceimhlitheoireacht cheana féin, fágann úsáid agus infhaighteacht modhanna cumarsáide leictreonaí go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an gcomhoibriú trasnáisiúnta idir ciontóirí sceimhlitheoireachta. D'fhéadfadh sé nach mbeadh trasnáisiúntacht cíoná sceimhlitheoireachta ar eolas nuair a tharchuirfear an cás chuig údarás breithiúnach ach d'fhéadfaí é a nochtadh le linn do Eurojust sonraí a chros-seiceáil. Tá gá le comhordú agus comhar idir údaráis ionchúisimh nó le hionchúiseamh ar fhorais chomhchoiteanna, dá bhforáiltear in Airteagal 85 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), dá bhrí sin chun cionta sceimhlitheoireachta a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Ba cheart faisnéis faoi chásanna sceimhlitheoireachta a mhalartú le Eurojust go tráthúil, mura rud é go léirítear go soiléir le cúinsí sonracha an cháis gur cionta náisiúnta amháin iad.

(26) Is minic a chuireann an easpa malartaithe faisnéise idir na húdaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh bac ar imscrúduithe agus ionchúisimh i gcásanna sceimhlitheoireachta. Chun go bhféadfaí imscrúduithe nua sceimhlitheoireachta a chros-seiceáil le himscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus naisc a d'fhéadfadh a bheith ann a bhunú, is gá a áirithiú, i dtaca leis an tréimhse coinneála sonraí maidir le haon imscrúduithe agus ciontuithe a rinneadh roimhe seo, gur leormhaith í le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla. Dá bhrí sin, is gá síneadh a chur leis na teorainneacha ama maidir le sonraí a stóráil sa Chlár Breithiúnach Eorpach Frithsceimhlitheoireachta.

(27) Leis an bhféidearthacht imscrúduithe nua sceimhlitheoireachta a chros-seiceáil le himscrúduithe a rinneadh roimhe seo, d'fhéadfaí go mbunófaí naisc fhéideartha agus an gá le comhar. D'fhéadfaí go nochtfaí le cros-seiceáil den sórt sin go raibh duine atá faoi dhrochamhras nó á ionchúiseamh i gcás atá ar siúl i mBallstát, go bhfuil an duine sin faoi dhrochamhras nó gur ionchúisíodh é i gcás a tugadh chun críche i mBallstát eile. D'fhéadfaí go mbunófaí naisc léi freisin idir imscrúduithe nó ionchúisimh atá ar siúl a d'fhéadfadh a bheith curtha i bhfolach murach sin. Is amhlaidh an scéal fiú i gcás imscrúduithe arbh é an toradh a bhí orthu éigiontú nó cinneadh críochnaitheach gan ionchúiseamh a dhéanamh. Dá bhrí sin, is gá sonraí maidir le haon imscrúduithe a rinneadh roimhe seo a stóráil i gcás inarb iomchuí, ní hamháin maidir le ciontuithe.

(28) Maidir le sonraí ó imscrúduithe arbh é an toradh a bhí orthu éigiontú nó cinneadh críochnaitheach gan ionchúiseamh a dhéanamh, is gá a áirithiú nach bpróiseálfar na sonraí sin ach amháin chun críocha ionchúisimh. Ní fhéadfar sonraí den sórt sin a úsáid ar chúiseanna eile seachas chun naisc a shainaithint le himscrúduithe agus ionchúisimh atá ar siúl agus chun tacú leis na himscrúduithe agus na hionchúisimh sin. Ach amháin má chinneann an t-údarás inniúil náisiúnta a mhalairt ar bhonn cás ar chás, ba cheart Eurojust a bheith in ann leanúint de shonraí oibríochtúla den sórt sin a phróiseáil. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás inniúil náisiúnta, tar éis don chinneadh éigiontú nó gan ionchúiseamh a dhéanamh a bheith críochnaitheach, nach gá sonraí daoine éigiontaithe nó neamh-ionchúisithe a phróiseáil, lena n-áirítear mar gheall ar shainiúlachtaí an cháis nó na forais atá leis an éigiontú nó leis an neamh-ionchúiseamh, ba cheart na sonraí sin a scriosadh.

(29) Tá 12 chomhaontú comhair le tríú tíortha tugtha i gcrích ag Eurojust, comhaontuithe faoina bhféadtar sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú agus ionchúisitheoirí idirchaidrimh tríú tír a thabhairt ar iasacht do Eurojust. Thairis sin, faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[1], féadtar ionchúisitheoir idirchaidrimh a thabhairt ar iasacht. I mí an Mhárta 2021 thug an Chomhairle sainordú don Choimisiún comhaontuithe comhair breise a chaibidliú maidir leis an gcomhar idir Eurojust agus 13 thríú stáit eile, eadhon an Ailgéir, an Airgintín, an Airméin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Bhrasaíl, an Cholóim, an Éigipt, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, Maracó, an Túinéis agus an Tuirc.

---

1 IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

(30) Cé go bhfuil Rialachán (AE) 2018/1727 ina bhunús dlí don chomhar agus don mhalartú sonraí le tríú tíortha, níl aon riail ann maidir le gnéithe foirmiúla agus teicniúla an chomhair le hionchúisitheoirí idirchaidrimh tríú tír atá ar iasacht le Eurojust, go háirithe a mhéid a bhaineann lena rochtain ar an gcóras bainistithe cásanna. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart do Rialachán (AE) 2018/1727 bunús dlí sainráite a sholáthar le haghaidh an chomhair idir Eurojust agus na hionchúisitheoirí idirchaidrimh tríú tír agus le haghaidh a rochtana ar an gcóras bainistithe cásanna. Ba cheart do Eurojust coimircí leordhóthanacha agus bearta slándála a chur chun feidhme maidir le sonraí agus cearta bunúsacha a chosaint, agus ba cheart sin a dhéanamh tríd an socrú teicniúil nuashonraithe agus trí rialacha dochta inmheánacha.

(31) Agus sonraí pearsanta oibríochtúla á bpróiseáil i gcomhréir leis an Rialachán seo, ba cheart do Eurojust ardleibhéal cosanta sonraí a áirithiú. Maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil, tá Eurojust faoi réir Airteagal 3 agus Chaibidil IX de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], chomh maith le rialacha sonracha maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2018/1727 arna leasú le Rialachán (AE) 2022/838 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus leis an Rialachán seo. Tá feidhm ag na forálacha sin maidir le próiseáil na sonraí pearsanta oibríochtúla uile arna bpróiseáil ag Eurojust. Go háirithe, tá feidhm acu maidir leis na sonraí pearsanta oibríochtúla uile a phróiseáiltear sa chóras bainistithe cásanna, cibé a phróiseálann comhaltaí náisiúnta, comhfhreagraithe náisiúnta, ionchúisitheoirí idirchaidrimh nó daoine údaraithe eile iad i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1727.

(32) Maidir le cinntí maidir le cibé ar cheart do Eurojust tacú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir údaráis imscrúdúcháin agus ionchúisimh agus maidir leis an gcaoi ar cheart dó tacú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar sin, is ag údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann amháin ba cheart dóibh fanacht, faoi réir an dlí náisiúnta is infheidhme, dhlí an Aontais nó an dlí idirnáisiúnta, ina gcuimsítear coinbhinsiúin nó comhaontuithe idirnáisiúnta eile maidir le cúnamh frithpháirteach in ábhair choiriúla.

---

1 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

2 Rialachán (AE) 2022/838 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 a mhéid a bhaineann le fianaise a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil ag Eurojust, ar fianaise í a bhaineann le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara (IO L 148, 31.5.2022, lch. 1).

(33) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart an caidreamh a shoiléiriú idir an malartú faisnéise idir na húdaráis inniúla náisiúnta agus Eurojust maidir le cásanna sceimhlitheoireachta faoi Chinneadh 2005/671/CGB agus faoi Rialachán (AE) 2018/1727. Dá bhrí sin, ba cheart na forálacha ábhartha a scriosadh ó Chinneadh 2005/671/CGB agus ba cheart iad a chur le Rialachán (AE) 2018/1727.

(34) Cé go bhfuil roinnt údaráis inniúla náisiúnta nasctha cheana féin leis an nasc slán teileachumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 9 de Chinneadh 2008/976/CGB, tá a lán údaráis inniúla náisiúnta ann nach bhfuil nasctha leis an nasc slán teileachumarsáide sin ná le bealaí cumarsáide slána go fóill. Chun a áirithiú go mbeadh a ndóthain ama ag na Ballstáit chun nasc den sórt sin a sholáthar leis na húdaráis inniúla náisiúnta, ba cheart idirthréimhse a dheonú le haghaidh cur chun feidhme.

(35) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(36) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(37) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug an Maoirseoir tuairim an 26 Eanáir 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1727*

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Féadfaidh Eurojust cúnamh a thabhairt i ndáil le himscrúduithe agus ionchúisimh freisin nach ndéanann difear ach do Bhallstát agus do thríú tír nó do Bhallstát agus d’eagraíocht idirnáisiúnta, ar choinníoll go bhfuil comhaontú comhair nó socrú lena mbunaítear comhar de bhun Airteagal 52 tugtha i gcrích leis an tríú tír sin nó leis an eagraíocht idirnáisiúnta sin, nó i gcás sonrach ina bhfuil leas bunúsach ann maidir le cúnamh den sórt sin a chur ar fáil.

Is ag údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann, agus ag an údarás sin amháin, a fhanfaidh an cinneadh maidir le cibé acu a thugann Ballstáit cúnamh breithiúnach do thríú tír nó d’eagraíocht idirnáisiúnta agus conas a thugann siad an cúnamh sin, faoi réir an dlí náisiúnta is infheidhme, dhlí an Aontais nó an dlí idirnáisiúnta.’;

(2) leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'2a. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil náisiúnta mar chomhfhreagraí náisiúnta Eurojust le haghaidh ábhair sceimhlitheoireachta. Is údarás breithiúnach nó údarás inniúil eile a bheidh sa chomhfhreagraí náisiúnta sin le haghaidh ábhair sceimhlitheoireachta. I gcás ina gceanglaítear amhlaidh leis an gcóras dlí náisiúnta, beidh Ballstát in ann níos mó ná údarás inniúil náisiúnta amháin a ainmniú mar chomhfhreagraí náisiúnta Eurojust le haghaidh ábhair sceimhlitheoireachta. Beidh rochtain ag an gcomhfhreagraí náisiúnta le haghaidh ábhair sceimhlitheoireachta ar an bhfaisnéis ábhartha uile i gcomhréir le hAirteagal 21a(1). Beidh sé inniúil faisnéis den sórt sin a bhailiú agus í a sheoladh chuig Eurojust, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus dlí an Aontais, go háirithe an dlí nós imeachta choiriúil náisiúnta agus na rialacha cosanta sonraí is infheidhme.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

'8. Chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo a bhaint amach, nascfar na daoine dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 3 den Airteagal seo leis an gcóras bainistithe cásanna i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hAirteagail 23, 24, 25 agus 34. Is ar bhuiséad ginearálta an Aontais a thitfidh an costas a bhaineann le nascadh leis an gcóras bainistithe cásanna.';

(3) leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

‘9. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear d’oibleagáidí eile maidir le faisnéis a tharchur chuig Eurojust.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

‘10. Ní bheidh sé d’oibleagáid ar na húdaráis inniúla náisiúnta faisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo a chur ar fáil i gcás inar tarchuireadh faisnéis den sórt sin chuig Eurojust cheana féin i gcomhréir le forálacha eile den Rialachán seo.’;

(4) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

*'Airteagal 21a*

*Faisnéis a mhalartú maidir le cásanna sceimhlitheoireachta*

1. A mhéid a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta, cuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta a gcomhaltaí náisiúnta ar an eolas faoi aon imscrúduithe coiriúla atá ar siúl nó atá tugtha i gcrích agus atá á maoirsiú ag údaráis bhreithiúnacha a luaithe a tharchuirfear an cás chuig na húdarás bhreithiúnacha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, go háirithe an dlí nós imeachta choiriúil náisiúnta, agus faoi aon ionchúisimh nó imeachtaí atá ar siúl nó atá tugtha i gcrích agus faoin aon chinneadh cúirte i ndáil le cionta sceimhlitheoireachta. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le gach imscrúdú coiriúil a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta, bíodh nasc aitheanta ann le Ballstát eile nó le tríú tír nó ná bíodh, seachas más soiléir nach ndéanann an t-imscrúdú coiriúil difear, mar gheall ar a chúinsí sonracha, ach d'aon Bhallstát amháin.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás:

   (a) ina gcuirfeadh comhroinnt faisnéise imscrúdú atá ar siúl nó sábháilteacht duine aonair i mbaol; nó

   (b) ina mbeadh comhroinnt faisnéise contrártha do leasanna slándála bunúsacha an Bhallstáit lena mbaineann.

3. Chun críoch an Airteagail seo, is cionta sceimhlitheoireachta iad na cionta dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

4. An fhaisnéis a tharchuirtear i gcomhréir le mír 1, áireofar inti na sonraí pearsanta oibríochtúla agus na sonraí neamhphearsanta a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Féadfar a áireamh ar fhaisnéis den sórt sin sonraí pearsanta i gcomhréir le hIarscríbhinn III, pointe (d), ach ar choinníoll go bhfuil sonraí pearsanta den sórt sin i seilbh na n-údarás inniúil náisiúnta nó gur féidir iad a chur in iúl do na húdaráis inniúla náisiúnta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus gur gá sonraí den sórt sin a tharchur chun ábhar sonraí a shainaithint go hiontaofa faoi Airteagal 27(5), agus sin amháin.

5. Faoi réir mhír 2, cuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta a gcomhaltaí náisiúnta ar an eolas maidir le haon athruithe ar an bhfaisnéis arna tarchur faoi mhír 1 gan moill mhíchuí agus, i gcás inar féidir, tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis athraithe den sórt sin.

6. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an údarás inniúil náisiúnta faisnéis den sórt sin a chur ar fáil i gcás inar tarchuireadh í chuig Eurojust cheana féin.

7. Féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta tacaíocht Eurojust a iarraidh ag aon chéim sa ghníomhaíocht leantach maidir le naisc arna sainaithint ar bhonn na faisnéise arna soláthar faoin Airteagal seo.

---

* Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).';

(5) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

*'Airteagal 22a*

*Cumarsáid dhigiteach shlán agus malartú sonraí slán idir údaráis inniúla náisiúnta agus Eurojust*

1. Is tríd an gcóras TF díláraithe a dhéanfar cumarsáid idir na húdaráis inniúla náisiúnta agus Eurojust faoin Rialachán seo. Déanfar an córas bainistithe cásanna dá dtagraítear in Airteagal 23 a nascadh le córas TF díláraithe agus le pointí rochtana idir-inoibritheacha e-CODEX, arna n-oibriú faoi fhreagracht agus faoi bhainistiú aonair gach Ballstáit agus Eurojust, lenar gcumasaítear malartú trasteorann faisnéise ar bhealach slán iontaofa ('an córas TF díláraithe').

2. I gcás nach bhféadfar faisnéis a mhalartú i gcomhréir le mír 1 de dheasca nach mbeidh an córas TF díláraithe ar fáil nó de dheasca imthosca eisceachtúla, malartófar í leis na modhanna malartacha is iomchuí agus is gasta is féidir. Áiritheoidh na Ballstáit agus Eurojust go mbeidh na modhanna malartacha cumarsáide iontaofa agus go gcuirfear leibhéal coibhéiseach slándála agus cosanta sonraí ar fáil leo.

3. Déanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 21 agus in Airteagal 21a den Rialachán seo a tharchur chuig Eurojust ó chláir náisiúnta ar bhealach leath-uathoibrithe struchtúrtha. Is é an Coimisiún, i gcomhairle le Eurojust, a chinnfidh na socruithe do tharchur den sórt sin i ngníomh cur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 22b den Rialachán seo. Go háirithe, cinnfear sa ghníomh cur chun feidhme sin formáid na sonraí arna dtarchur de bhun Iarscríbhinn III, pointe d, a ghabhann leis an Rialachán seo agus na caighdeáin theicniúla is gá maidir le tarchur sonraí den sórt sin, agus leagfar amach ann na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 9, de Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

4. Beidh an Coimisiún freagrach as bogearraí cur chun feidhme tagartha a chruthú, a chothabháil agus a fhorbairt, bogearraí a bhféadfaidh na Ballstáit agus Eurojust a roghnú iad a chur i bhfeidhm mar chóras cúil acu. Beidh na bogearraí cur chun feidhme tagartha sin bunaithe ar struchtúr modúlach, rud a chiallaíonn go ndéantar na bogearraí a phacáistiú agus a sheachadadh ar leithligh ó na comhpháirteanna e-CODEX is gá chun iad a nascadh leis an gcóras TF díláraithe. Leis an struchtúr sin, cuamasófar na Ballstáit na bonneagair náisiúnta cumarsáide bhreithiúnaí náisiúntacha chumarsáide atá acu cheana féin a athúsáid nó a fheabhsú chun críche úsáide trasteorann agus chun cur ar chumas Eurojust a chóras bainistithe cásanna a nascadh leis an gcóras TF díláraithe.

5. Déanfaidh an Coimisiún na bogearraí cur chun feidhme tagartha a sholáthar agus a chothabháil saor in aisce agus tacóidh sé leo saor in aisce freisin. Is as buiséad ginearálta an Aontais a mhaoineofar cruthú, cothabháil agus forbairt na mbogearraí cur chun feidhme tagartha.

6. Seasfaidh na Ballstáit agus Eurojust a gcostais faoi seach as pointe rochtana údaraithe e-CODEX a bhunú agus a oibriú mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 3 de Rialachán (AE) 2022/850, agus as a gcórais TF ábhartha a bhunú agus a choigeartú chun iad a dhéanamh idir-inoibritheach leis na pointí rochtana.

*Airteagal 22b*
*Gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún*

1. Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme is gá chun an córas TF díláraithe a bhunú agus a úsáid le haghaidh na cumarsáide faoin Rialachán seo, lena leagtar amach an méid seo a leanas:

(a) na sonraíochtaí teicniúla lena sainítear na modhanna cumarsáide trí mheán leictreonach chun críocha an chórais TF dhíláraithe;

(b) na sonraíochtaí teicniúla i dtaca leis na prótacail chumarsáide;

(c) na cuspóirí slándála faisnéise agus na bearta teicniúla ábhartha lena n-áirithítear íoschaighdeáin slándála faisnéise agus ardchaighdeáin chibearshlándála maidir le próiseáil agus cumarsáid faisnéise laistigh den chóras TF díláraithe;

(d) na híoschuspóirí infhaighteachta agus na ceanglais theicniúla ghaolmhara fhéideartha i ndáil leis na seirbhísí a sholáthraítear leis an gcóras TF díláraithe;

(e) coiste stiúrtha a bhunú a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit chun oibriú agus cothabháil an chórais TF dhíláraithe a áirithiú chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.

2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh faoin ... [2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22c(2).

*Airteagal 22c*

*Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[**].

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

   I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

---

[*] Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 150, 1.6.2022, lch. 1).

[**] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).';

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 23, 24 agus 25:

*'Airteagal 23*

*Córas bainistithe cásanna*

1. Bunóidh Eurojust córas bainistithe cásanna chun sonraí pearsanta oibríochtúla a liostaítear in Iarscríbhinn II, sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn III agus sonraí neamhphearsanta a phróiseáil.

2. Is iad cuspóirí an chórais bainistithe cásanna:

(a) tacú le bainistiú agus comhordú ar imscrúduithe agus ar ionchúisimh a bhfuil Eurojust ag tabhairt cúnaimh ina leith;

(b) rochtain shlán ar fhaisnéis maidir le himscrúduithe agus ionchúisimh atá ar siúl agus malartú slán na faisnéise sin a áirithiú;

(c) cros-seiceáil faisnéise agus sainaithint nasc a cheadú;

(d) asbhaint sonraí chun críoch oibríochtúil agus chun críoch staidrimh a cheadú;

(e) faireachán a éascú chun a áirithiú go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla dleathach agus go gcomhlíonann sí an Rialachán seo agus na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí.

3. Féadfar an córas bainistithe cásanna a nascadh leis an nasc slán teileachumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 9 de Chinneadh 2008/976/CGB* ón gComhairle agus le bealaí cumarsáide slána eile i gcomhréir le dlí infheidhme an Aontais.

4. I gcás inar tugadh rochtain do Eurojust ar shonraí i gcórais faisnéise eile de chuid an Aontais arna mbunú faoi ghníomhartha dlí eile de chuid an Aontais nó ar shonraí ó chórais den sórt sin, féadfaidh sé úsáid a bhaint as an gcóras bainistithe cásanna chun rochtain a fháil ar shonraí i gcórais faisnéise den sórt sin nó chun nascadh leo chun faisnéis, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a aisghabháil agus a phróiseáil, ar choinníoll go bhfuil sé riachtanach chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh agus go bhfuil sé i gcomhréir le gníomhartha dlí an Aontais lena mbunaítear córais faisnéise den sórt sin.

5. Ní leathnaítear le míreanna 3 aagus 4 na cearta rochtana a dheonaítear do Eurojust ar chórais faisnéise eile de chuid an Aontais faoi ghníomhartha dlí an Aontais lena mbunaítear na córais sin.

6. Agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh acu, féadfaidh na comhaltaí náisiúnta sonraí pearsanta a phróiseáil faoi na cásanna aonair ar a bhfuil siad ag obair, i gcomhréir leis an Rialachán seo nó le haon ionstraim eile is infheidhme. Ceadóidh siad don Oifigeach Cosanta Sonraí rochtain a bheith aige ar na sonraí pearsanta a phróiseáiltear sa chóras bainistithe cásanna.

7. Chun sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil, ní bhunóidh Eurojust aon chomhad sonraí uathoibrithe seachas an córas bainistithe cásanna.

Féadfaidh na comhaltaí náisiúnta sonraí pearsanta a stóráil agus a anailísiú ar bhonn sealadach, chun a chinneadh an bhfuil sonraí den sórt sin ábhartha do chúraimí Eurojust agus an bhféadfar iad a áireamh sa chóras bainistithe cásanna. Féadfar na sonraí sin a choimeád go ceann tréimhse suas le 3 mhí.

*Airteagal 24*

*An fhaisnéis sa chóras bainistithe cásanna a bhainistiú*

1. Déanfaidh an comhalta náisiúnta an fhaisnéis a tharchuirtear chuig an gcomhalta náisiúnta sin i gcomhréir leis an Rialachán seo nó le hionstraimí eile is infheidhme a stóráil sa chóras bainistithe cásanna.

Beidh an comhalta náisiúnta freagrach as na sonraí arna bpróiseáil ag an gcomhalta náisiúnta sin a bhainistiú.

2. Cinnfidh an comhalta náisiúnta, ar bhonn cás ar chás, an gcoinneofar srian ar an rochtain ar an bhfaisnéis nó an dtabharfar rochtain uirthi nó ar chodanna di do chomhaltaí náisiúnta eile, d'ionchúisitheoirí idirchaidrimh ar iasacht le Eurojust, do bhaill foirne údaraithe Eurojust nó d'aon duine eile a bheidh ag obair thar ceann Eurojust agus a fuair an t-údarú is gá ón Stiúrthóir Riaracháin.

3. Léireoidh an comhalta náisiúnta, i gcomhairle leis na húdaráis inniúla náisiúnta, i dtéarmaí ginearálta nó sonracha, aon srian ar láimhseáil, rochtain agus aistriú breise na faisnéise má shainaithnítear nasc dá dtagraítear in Airteagal 23(2), pointe (c).

*Airteagal 25*

*Rochtain ar an gcóras bainistithe cásanna ar an leibhéal náisiúnta*

1. Na daoine dá dtagraítear in Airteagal 20(3), pointí (a), (b) agus (c), beidh rochtain acu ar na sonraí seo a leanas agus ar an méid sin amháin:

   (a) sonraí faoi rialú ag comhalta náisiúnta a mBallstáit;

   (b) sonraí faoi rialú ag comhaltaí náisiúnta ó Bhallstáit eile agus a bhfuair comhalta náisiúnta a mBallstáit rochtain orthu, ach amháin má dhiúltaigh an comhalta náisiúnta a rialaíonn na sonraí rochtain den sórt sin a thabhairt.

2. Déanfaidh an comhalta náisiúnta cinneadh, laistigh de na teorainneacha dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo, maidir lena mhéid a thugtar rochtain do na daoine dá dtagraítear in Airteagal 20(3), pointí (a), (b) agus (c), ina mBallstát.

3. Ní fhéadfaidh ach na comhfhreagraithe náisiúnta do Eurojust le haghaidh ábhair sceimhlitheoireachta dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 20(3) rochtain a fháil ar na sonraí arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 21a ar an leibhéal náisiúnta.

4. Féadfaidh gach Ballstát a chinneadh, tar éis dul i gcomhairle lena chomhalta náisiúnta, go bhféadfaidh na daoine dá dtagraítear in Airteagal 20(3), pointí (a), (b) agus (c), laistigh de na teorainneacha dá bhforáiltear i míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo, faisnéis a iontráil sa chóras bainistithe cásanna a bhaineann lena Bhallstát féin. Beidh rannchuidiú den sórt sin faoi réir bailíochtú ag an gcomhalta náisiúnta lena mbaineann. Is é an Coláiste a leagfaidh síos mionsonraí chur chun feidhme phraiticiúil na míre seo. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do Eurojust agus don Choimisiún maidir leis an gcinneadh uathu i ndáil le cur chun feidhme na míre seo. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi sin.

---

* Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach (IO L 348, 24.12.2008, lch. 130).';

(7) leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Féadfaidh Eurojust catagóirí speisialta de shonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 76 de Rialachán (AE) 2018/1725. I gcás ina dtagraítear d’fhinnéithe nó d’íospartaigh de réir bhrí mhír 2 den Airteagal seo i sonraí eile den sórt sin, is iad na comhaltaí náisiúnta lena mbaineann a dhéanfaidh an cinneadh iad a phróiseáil.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘5. I gcás ina ndéantar sonraí pearsanta oibríochtúla a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 21a, féadfaidh Eurojust na sonraí pearsanta oibríochtúla a liostaítear in Iarscríbhinn III agus a bhaineann leis na daoine seo a leanas a phróiseáil:

(a) daoine a bhfuil forais thromchúiseacha ann lena chreidiúint, i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann, go bhfuil cion coiriúil déanta acu nó go bhfuil siad ar tí cion coiriúil a dhéanamh, ar cion é a bhfuil Eurojust inniúil ina leith;

(b) daoine a ciontaíodh i gcion den sórt sin.

Mura gcinnfidh an t-údarás inniúil náisiúnta a mhalairt, ar bhonn cás ar chás, féadfaidh Eurojust leanúint de na sonraí pearsanta oibríochtúla dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír a phróiseáil freisin i ndiaidh na himeachtaí a bheith tugtha chun críche faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann, fiú i gcás éigiontaithe nó cinneadh críochnaitheach gan ionchúiseamh a dhéanamh. I gcás nár eascair ciontú as na himeachtaí, ní dhéanfar sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil ach amháin chun naisc a shainaithint idir imscrúduithe agus ionchúisimh atá ar siúl, imscrúduithe agus ionchúisimh a bheidh ann amach anseo nó imscrúduithe agus ionchúisimh chríochnaithe eile dá dtagraítear in Airteagal 23(2), pointe (c).';

(8) leasaítear Airteagal 29 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'1a. Ní dhéanfaidh Eurojust na sonraí pearsanta oibríochtúla a tharchuirtear i gcomhréir le hAirteagal 21a a stóráil tar éis an chéad cheann de na dátaí seo a leanas:

(a) an dáta a bheidh urchosc ar an ionchúiseamh faoi reacht na dtréimhsí i ngach ceann de na Ballstáit lena mbaineann an t-imscrúdú nó an t-ionchúiseamh;

(b) 5 bliana tar éis an dáta a bhí an cinneadh breithiúnach sa Bhallstát deireanach lena mbaineann an t-imscrúdú nó an t-ionchúiseamh ina chinneadh críochnaitheach, nó 2 bhliain i gcás éigiontaithe nó cinneadh críochnaitheach gan ionchúiseamh a dhéanamh;

(c) an dáta a chuirtear Eurojust ar an eolas faoin gcinneadh ón údarás inniúil náisiúnta de bhun Airteagal 27(5).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

'2. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar chomhlíonadh na sprioc-amanna stórála dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 1a le próiseáil iomchuí uathoibrithe arna riar ag Eurojust, go háirithe ón tráth a scoirfidh Eurojust de thacaíocht a sholáthar.

Déanfar athbhreithniú ar an ngá le stóráil na sonraí gach 3 bliana tar éis iontráil na sonraí sin freisin.

Má stóráiltear na sonraí pearsanta oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 27(4) ar feadh tréimhse is mó ná 5 bliana, cuirfear MECS ar an eolas dá réir.

3. Sula dtéann ceann amháin de na sprioc-amanna stórála dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 1a in éag, déanfaidh Eurojust athbhreithniú ar an ngá atá leis na sonraí pearsanta oibríochtúla a stóráil ar bhonn leantach i gcás inar gá sin agus fad a bheidh gá leis ionas go mbeidh sé in ann a chuid cúraimí a chomhlíonadh.

Féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh ar bhonn maolaithe na sonraí sin a stóráil go dtí an chéad athbhreithnithe eile ina dhiaidh sin. Maidir leis na cúiseanna atá leis an stóráil leantach, déanfar an bonn cirt atá leo a thabhairt agus iad a thaifeadadh. Mura ndéantar aon chinneadh faoi stóráil leantach sonraí pearsanta oibríochtúla tráth an athbhreithnithe, scriosfar na sonraí sin go huathoibríoch.';

(9) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

*'Airteagal 54a*
*Ionchúisitheoirí idirchaidrimh tríú tír*

1. Féadfar ionchúisitheoir idirchaidrimh ó thríú tír a thabhairt ar iasacht do Eurojust bunaithe ar chomhaontú comhair arna thabhairt i gcrích roimh an 12 Nollaig 2019 idir Eurojust agus an tríú tír sin, nó bunaithe ar chomhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír de bhun Airteagal 218 CFAE lena gceadaítear ionchúisitheoir idirchaidrimh a thabhairt ar iasacht.

2. Leagfar amach cearta agus oibleagáidí an ionchúisitheora idirchaidrimh sa chomhaontú comhair nó sa chomhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear i mír 1 nó i socrú oibre arna thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 47(3).

3. Ionchúisitheoirí idirchaidrimh a thugtar ar iasacht do Eurojust, deonófar rochtain dóibh ar an gcóras bainistithe cásanna chun sonraí a mhalartú go slán. I gcomhréir le hAirteagal 45 agus le hAirteagal 46, leanfaidh Eurojust de bheith faoi dhliteanas as sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag ionchúisitheoirí idirchaidrimh sa chóras bainistithe cásanna.

Aistrithe sonraí pearsanta oibríochtúla chuig ionchúisitheoirí idirchaidrimh tríú tír tríd an gcóras bainistithe cásanna, ní fhéadfar iad a dhéanamh ach faoi na rialacha agus na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo, sa chomhaontú leis an tír lena mbaineann nó in ionstraimí dlí eile is infheidhme.

Airteagal 24(1), an dara fomhír, agus Airteagal 24(2), beidh feidhm mutatis mutandis acu maidir le hionchúisitheoirí idirchaidrimh.

Is é an Coláiste a leagfaidh síos na coinníollacha mionsonraithe maidir le rochtain.';

(10) in Airteagal 80, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

‘9. Féadfaidh Eurojust leanúint den chóras bainistithe cásanna a úsáid a bheidh comhdhéanta de chomhaid oibre shealadacha agus d’innéacs go dtí an ... [an chéad lá den mhí tar éis na tréimhse 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], mura mbeidh an córas bainistithe cásanna nua i bhfeidhm go fóill.

10. Féadfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta agus Eurojust leanúint de bhealaí cumarsáide eile a úsáid seachas iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 22a(1) go dtí an chéad lá den mhí tar éis na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 22b den Rialachán seo, mura mbeidh na bealaí cumarsáide sin dá dtagraítear in Airteagal 22a(1) ar fáil le haghaidh malartú díreach eatarthu go fóill.

11. Féadfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta leanúint d’fhaisnéis a sholáthar ar bhealaí eile seachas go leath-uathoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 22a(3) go dtí an chéad lá den mhí tar éis na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 22b den Rialachán seo, mura mbeidh na ceanglais theicniúla i bhfeidhm go fóill.’;

(11) cuirtear an Iarscríbhinn seo a leanas leis:

‘Iarscríbhinn III:

(a) faisnéis chun an duine atá faoi dhrochamhras, an duine cúisithe, an duine ciontaithe nó an duine éigiontaithe a shainaithint:

I gcás duine nádúrtha:

– sloinne (ainm teaghlaigh);

– céadainmneacha (ainmneacha baiste);

– aon ailiasanna;

– dáta breithe;

– áit bhreithe (baile agus tír);

– náisiúntacht nó náisiúntachtaí;

– doiciméad aitheantais (cineál agus uimhir an doiciméid);

– inscne;

– áit chónaithe;

I gcás duine dlítheanach:

– ainm an ghnóthais;

– foirm dhlíthiúil;

– áit na ceannoifige;

I gcás daoine nádúrtha agus dlítheanacha araon:

– uimhreacha teileafóin;

– seoltaí ríomhphoist;

– sonraí na gcuntas i mbainc nó in institiúidí airgeadais eile;

(b) faisnéis faoin gcion sceimhlitheoireachta:

– faisnéis a bhaineann le daoine dlítheanacha a bhfuil baint acu le cion sceimhlitheoireachta a ullmhú nó a dhéanamh;

– rangú dlí an chiona faoin dlí náisiúnta;

– an fhoirm coireachta tromchúisí is infheidhme ón liosta dá dtagraítear in Iarscríbhinn I;

– cleamhnacht ar bith le grúpa sceimhlitheoireachta;

– an cineál sceimhlitheoireachta, amhail jiohádach, scarúnach, den eite chlé nó den eite dheas;

– achoimre ghairid ar an gcás;

(c) faisnéis faoi na himeachtaí náisiúnta:

– stádas imeachtaí den sórt sin;

– oifig an ionchúisitheora phoiblí fhreagraigh;

– cás-uimhir;

– dáta oscailte imeachtaí breithiúnacha foirmiúla;

– naisc le cásanna ábhartha eile;

(d) faisnéis bhreise chun an duine atá faoi dhrochamhras a shainaithint:

– sonraí méarlorg a bailíodh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta le linn imeachtaí coiriúla;

– grianghraif.’.

*Airteagal 2*

*Leasuithe ar Chinneadh 2005/671/CGB*

Leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, scriostar pointe (c);

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) scriostar mír 2;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go dtarchuirtear chuig Europol, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*], an fhaisnéis ar a laghad dá dtagraítear i mír 4 maidir le himscrúduithe coiriúla i ndáil le cionta sceimhlitheoireachta a dhéanann difear nó a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do dhá Bhallstát nó níos mó, ar faisnéis í a bhailíonn an t-údarás ábhartha.

---

[*] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).’;

(c) scriostar mír 5.

*Airteagal 3*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*